



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Nósanna imeachta an
Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí
Poiblí i ndáil lena Phróiseas Gearán

Foilsithe, Bealtaine 2020

Athbhreithnithe agus nuashonraithe, Lúnasa 2022

Clár na nÁbhar

Réamhrá	3
An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí	4
Cruinnithe an Choimisiúin	4
Cineálacha Gearán breithnithe ag an gCoimisiún	6
Gearáin anaithnide	7
Nochtuithe Cosanta	7
Conas Gearán a dhéanamh	9
An Próiseas Gearán	10
Céim 1 – Measúnú Tosaigh.....	10
Céim 2 – Réamhfhiosrúchán.....	11
Céim 3 – Imscrúdú	13
Céim Réamhéisteachta	13
Éisteacht an Imscrúdaithe	13
Scor nó larchur Imscrúdaithe	15
Céard a tharlaíonn i ndiaidh Éisteacht Imscrúdaithe?.....	16
Tuarascáil Imscrúdaithe.....	16
Costais.....	17
Cionta faoi na hAchtanna Eitice	17
Faisnéis eile Ba Cheart a bheith ar Eolas Agat	18
Céard a tharlaíonn má aistarraingíonn mé mo ghearán?.....	18
An féidir liom an cinneadh a achomharc chuig an gCoimisiún i ndiaidh éisteacht Imscrúdaithe? ...	18
An féidir liom teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun comhairle a fháil?.....	18
An dteastaíonn Aturnae?.....	18
i. más mian liom gearán a dhéanamh, nó,.....	18
ii. más ábhar imscrúdaithe mé?	18
AGUISÍN 1 - GLUAIS	19
AGUISÍN 2 – LEASANNA INCHLÁRAITHE - ACHTANNA EITICE	22
AGUISÍN 3 – TREOIRLÍNTE MAIDIR LE COSTAIS FINNÉITHE	25

Réamhrá

1. Is comhlacht neamhspleách reachtúil é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an “**Coimisiún**”) a fheidhmíonn feidhm phoiblí thábhachtach a chabhraíonn le muinín an phobail i gcuntasacht ionadaithe poiblí a bhunú agus a chothabháil.
2. Déantar cur síos sna nósanna imeachta seo a leanas (na “**Nósanna Imeachta**”) ar conas a dhéanfar gearán a bhainistiú ó thráth faighte an ghearáin go dtí go ndéanann an Coimisiún cinneadh críochnaitheach.
3. Tá na Nósanna Imeachta bunaithe ar fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, (na “**hAchtanna Eitice**”). Áireofar i ngearáin maidir le comhaltaí nó fostaithe údaráis áitiúil breithniú a dhéanamh ar Chuid 15 d’Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú (an “**ARA**”).
4. Tá na Nósanna Imeachta ullmhaithe de réir Alt 21(11) de na hAchtanna Eitice lena ndéantar foráil le haghaidh *“cinnfidh an Coimisiún, le buanorduithe nó ar shlí eile, nós imeachta agus gnó an Choimisiúin”*. Tá na Nósanna Imeachta faoi réir na hAchtanna Eitice agus Cuid 15 de ARA gach uile thráth. Tá na hAchtanna Eitice agus Cuid 15 de ARA le fáil ar [shuíomh gréasáin](#) an Choimisiúin.
5. I dteannta le cloí leis an reachtaíocht agus leis na Nósanna Imeachta iomchuí, gníomhóidh an Coimisiún de réir phrionsabail an cheartais aiceanta gach uile thráth.
6. Tá na Nósanna Imeachta faofa ag an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún na Nósanna Imeachta a athbhreithniú gach dhá bhliain.
7. Tá gluais téarmaí a úsáidtear go minic sna Nósanna Imeachta aibhsithe i gcló trom le míniú leagtha amach in Aguisín 1.

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

8. Páirteach sa Choimisiún tá an Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí. Cinntear comhaltacht an Choimisiúin de réir Alt 2 de na hAchtanna Eitice lena ndéantar foráil maidir leis an gcomhdhéanamh seo a leanas:
 - (i) Cathaoirleach ar breitheamh nó iar-bhreitheamh den Ard-Chúirt nó den Chúirt Uachtarach é/í,
 - (ii) an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
 - (iii) an tOmbudsman,
 - (iv) Cléireach Dháil Éireann,
 - (v) Cléireach Sheanad Éireann; agus
 - (vi) Iar-chomhalta de cheann de Thithe an Oireachtais.
9. Ceapann Uachtarán na hÉireann Cathaoirleach an Choimisiúin i ndiaidh comhairle a fháil ón Rialtas i ndiaidh na rún seo a leanas a bheith rite ag gach Teach den Oireachtas ag moladh an cheapacháin. Ceapann an Rialtas an t-iar-chomhalta de cheann amháin de Thithe an Oireachtais chuig an gCoimisiún i ndiaidh rún a bheith rite ag gach Teach ag faomhadh an cheapacháin bheartaithe.
10. Is é an ról atá ag an gCathaoirleach feidhmiú mar chomhalta den Choimisiún agus cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Choimisiúin, go háirithe nuair a bhíonn gearáin faoi na hAchtanna Eitice á mbreithniú. Cinnteoidh an Cathaoirleach go mbeidh cruinnithe á reáchtáil de réir na nAchtanna Eitice agus na Nósanna Imeachta.

Cruinnithe an Choimisiúin

11. Braithfidh an córam do chruinniú de chuid an Choimisiúin ar na nithe a bheidh á mbreithniú. I ndáil le formhór na nithe, níor cheart go mbeadh an córam níos lú ná triúr comhaltaí den Choimisiún. Sa chás, áfach, go bhfuil aon ní a bhaineann le himscrúdú faoi Alt 23 de na hAchtanna Eitice á bhreithniú, teastaíonn comhdhéanamh iomlán an Choimisiúin i.e. an Cathaoirleach agus an cúigear gnáthchomhaltaí. Féach leathanach. 13 áit a bhfuil breis faisnéise maidir le himscrúdú faoi Alt 23 de na hAchtanna Eitice.
12. Reáchtáiltear cruinnithe an Choimisiúin ar bhonn príobháideach.
13. Tacaíonn Rúnaíocht an Choimisiúin leis an gCoimisiún lena chuid oibre. Cuireann an Rúnaíocht tascanna i gcrích thar ceann an Choimisiúin chun cabhrú leis a fheidhmeanna faoi na hAchtanna Eitice a chur i gcrích. Tá an Rúnaíocht ar fáil chun cúnaimh a thabhairt don Choimisiún i rith a chruinnithe. Ní ghlacann an Rúnaíocht páirt i bpróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin agus ní fhreastalaíonn an Rúnaíocht ach ar chruinniú de chuid an Choimisiúin a bhaineann leis an réimse oibre a bhfuil sí freagrach as.
14. Ar iarratas an Choimisiúin, féadfaidh comhairleoir dlí a bheith i láthair ag cruinniú de chuid an Choimisiúin freisin chun comhairle dlí a chur ar fáil don Choimisiún agus don Rúnaíocht maidir le haon ghné dá fheidhmeanna.
15. Cuirfidh comhaltaí den Choimisiún, roimh ní a bhreithniú, aon choinbhleachtaí leasa in iúl don Rúnaíocht. Ciallaíonn sé seo, nár cheart go mbeadh leas ábhartha ag comhalta den Choimisiún,

an Cathaoirleach san áireamh, nó nár cheart glacadh leis go réasúnta go bhfuil leas ábhartha aige/aici, i mbreithniú ní áirithe. Chomh maith leis sin, cinnteoidh an Rúnaíocht nach seolfar doiciméid a bhaineann leis an ní chuig comhalta an Choimisiúin a d'fhógair coinbhleacht leasa. Má bhíonn coinbhleacht leasa i gceist i rith an phróisis gearán, a bhaineann le comhalta den Choimisiún nó leis an gCathaoirleach, aistarraingeoidh an duine i gceist ó aon bhreithniú a bhaineann leis an ní. In imthosca ina leantar le himscrúdú ar an ní de bhun Alt 23 de na hAchtanna Eitice, ainneoin na coinbhleachta leasa, tá gá fós le comhdhéanamh iomlán an Choimisiúin. De bhrí nach bhfuil comhalta agus / nó Cathaoirleach an Choimisiúin ar fáil go sealadach chun gníomhú mar gheall ar an gcoinbhleacht leasa, ceadaíonn na hAchtanna Eitice don Aire comhalta nó Cathaoirleach ionaid a cheapadh le haghaidh na tréimhse nuair nach féidir leis/léi gníomhú.

16. Gearáin faoi Alt 4 de na hAchtanna Eitice

Is féidir le duine ar bith gearán a dhéanamh faoi alt 4 de na hAchtanna Eitice leis an gCoimisiún sa chás go mbaineann an gearán le Duine Sonraithe. Cuimsítear in Duine Sonraithe:

- (i) Duine atá, nó a bhí, ag an tráth lena mbaineann an gearán, ag feidhmiú mar **Shealbhóir Oifige** nó sealbhóir oifig an Ard-Aighne. Áirítear anseo Aire den Rialtas agus/nó Aire Stáit ach ní áirítear ann comhalta de Dháil Éireann nó comhalta de Sheanad Éireann.
- (ii) Duine atá, nó a bhí, ag an tráth lena mbaineann an gearán, ag feidhmiú mar **Chomhairleoir Speisialta** nó a bhí i seilbh **Stiúrthóireacht Ainmnithe** ar, nó i mbun **Post Ainmnithe**, i gcomhlacht poiblí.
- (iii) Duine atá, i láthair na huaire nó a bhí ag an tráth lena mbaineann an gearán, i seilbh nó i mbun stiúrthóireachta nó fostaíochta i **gComhlacht Poiblí**.

Cineálacha Gearán faoi Alt 4 de na hAchtanna Eitice

Is Achtanna Sonraithe iad seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an gCoimisiún de réir mar atá sonraithe:

- (i) Duine Sonraithe nó duine atá, i ndáil le Duine Sonraithe ina **nDuine Bainteach**,
 - a. duine a bhféadfadh gníomh nó neamhghníomh a bheith déanta aige/aici atá ar neamhréir le feidhmiú fheidhmeanna an Duine Sonraithe; nó
 - b. duine a bhféadfadh gníomh nó neamhghníomh a bheith déanta aige/aici atá ar neamhréir le feidhmeanna na hoifige nó an phoist ina bhfuil an duine sin; nó
 - c. tá an gníomh nó neamhghníomh ar neamhréir le muinín an phobail i gcoitinne ina leithéid sin d'fheidhmíocht; agus
 - d. baineann **Tábhacht Shuntasach Phoiblí** leis an ní.
- (ii) Duine Sonraithe sa chás gurb é tuairim an ghearánaigh go bhféadfadh a c(h)uid oibleagáidí faoi na hAchtanna Eitice a bheith sáraithe ag an Duine Sonraithe.
- (iii) Duine Sonraithe sa chás gurb é tuairim an ghearánaigh go bhféadfadh **Acht Toghcháin 1997**, mar atá leasaithe, a bheith sáraithe ag an Duine Sonraithe.

Cineálacha Gearán nach féidir leis an gCoimisiún a bhreithniú

Ní féidir leis an gCoimisiún gearán faoi Alt 4 de na hAchtanna Eitice a bhreithniú má bhaineann sé le gníomh nó neamhghníomh Duine Sonraithe nó duine arb ionann é/í agus Duine Bainteach, i ndáil le Duine Sonraithe, má:

- a) bhaineann sé le ní príobháideach agus mura mbaineann sé le feidhmeanna na hoifige nó le post an Duine Sonraithe; nó
- b) eascraíonn an gníomh nó neamhghníomh ó neamhinniúlacht nó neamhéifeachtúlacht i bhfeidhmiú nó i dteip fheidhm an Duine Sonraithe sin a fheidhmiú; nó
- c) tá an gearán suaibhreasach nó cráiteach.

17. Gearán maidir le Nochtadh Leasanna

Ceanglaíonn na hAchtanna Eitice go mbeidh leasanna áirithe á bhfógairt ag Sealbhóirí Oifige agus ag oifigigh phoiblí áirithe. Tá leasanna arb ionann iad agus leasanna incláraithe chun críocha na nAchtanna Eitice liostaithe sa Dara Sceideal de na hAchtanna Eitice, agus tá cóip le fáil in Aguisín 2 de na Nósanna Imeachta.

Is féidir leis na daoine seo a leanas gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir le sárú líomhnaithe ar na forálacha nochta faoi na hAchtanna Eitice:

- (i) Ball den phobal;
- (ii) Comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann;
- (iii) An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- (iv) Aire den Rialtas;
- (v) An **tÚdarás Iomchuí** i ndáil le státseirbhíseach; agus
- (vi) An Coiste um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Comhaltaí Sheanad Éireann.

18. Gearáin Údaráis Áitiúil

Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh in aghaidh comhalta údaráis áitiúil, ar a dtugtar comhairleoir, nó fostaithe údaráis áitiúil (a áirítear ann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin údaráis áitiúil) freisin, sa chás go mbreithnítear gur sáraíodh Cuid 15 de ARA agus / nó an Cód Iompair le haghaidh Comhairleoirí nó an Cód Iompair le haghaidh Fostaithe Údaráis Áitiúil. Tá na Cóid Iompair ábhartha agus Cuid 15 de ARA le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin trí na naisc seo a leanas a úsáid: [Cód Iompair](#) agus [ARA](#).

19. Faoi réir imthosca eisceachtúla, is é nós imeachta an Choimisiúin nach féidir leis an gCoimisiún gearán údaráis áitiúil a bhreithniú go dtí go mbíonn an gearán déanta ag an ngearánach le **Cláraitheoir Eitice** an údaráis áitiúil iomchuí ar dtús. Tá roinnt dualgas reachtúil leagtha amach ag an gCláraitheoir Eitice i gCuid 15 de ARA. Go háirithe, tá dualgas ar an gCláraitheoir Eitice aird Phríomhfheidhmeannach agus / nó Chathaoirleach an údaráis áitiúil a tharraingt ar an ngearán lena bhreithniú. Mura bhfuil an gearánach sásta leis na gníomhartha atá déanta ag an údarás áitiúil le linn dó a g(h)earán a bhreithniú, ansin is féidir leis an ngearánach a ghearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Gearáin anaithnide

20. Foráiltear leis an Acht Eitice nach mbreithneoidh an Coimisiún gearán mura nochtar céannacht an ghearánaigh. Glacfaidh an Coimisiún leis go bhfuil gearán anaithnid mura soláthraítear ainm iomlán, seoladh agus uimhir theagmhála an duine ag a bhfuil an gearán á dhéanamh.

Nochtuithe Cosanta

21. Tháinig Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (“**Acht 2014**”) i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014. Is é an cuspóir atá leis oibríthe a chosaint ó íospairt mar thoradh ar fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le haon éagóir iomchuí ar tarraingíodh a n-aird uirthi i rith cúrsa a gcuid oibre. Nochtadh cosanta a thugtar air seo. Baineann feidhm le hAcht 2014 i ndáil le fostaithe reatha agus iar-fhostaithe, conraitheoirí neamhspleácha, oiliúnaithe agus foireann ghníomhaireachta.

22. Ní mór i dtuairim réasúnach oibrí go léiríonn an fhaisnéis nochtta, nó gur cosúil go léiríonn an fhaisnéis nochtta, éagóir. Ar an gcéad ásc, ba cheart d'oibrí nochtadh cosanta a dhéanamh go hinmheánach lena f(h)ostóir, más féidir. Níl an chéim seo oibleagáideach, áfach.
23. Ina theannta sin, ceadaíonn Acht 2014 d'oibrí nochtadh cosanta a dhéanamh le Rúnaí an Choimisiúin. Tá caighdeán níos airde ann sa chás go ndéanann oibrí nochtadh go seachtrach le Rúnaí an Choimisiúin seachas sa chás go ndéantar an nochtadh le fostóir an oibrí. Ní mór gurb é tuairim réasúnach an oibrí go bhfuil an éagóir iomchuí laistigh de shainordú fheidhmeanna an Choimisiúin. Ní mór gurb é tuairim réasúnach an oibrí freisin go bhfuil an fhaisnéis nochtta, nó aon líomhain atá le fáil inti, fíor go substaintiúil.
24. Ní mór go ndéanfaí nochtadh cosanta chuig Rúnaí an Choimisiúin i scríbhinn agus go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh ann:
- (i) mionsonraí maidir le hainm, post agus/nó ról an oibrí;
 - (ii) faisnéis, fíorais san áireamh, a thugann léargas ar an éagóir agus ar an méid a tharla;
 - (iii) na dátaí ábhartha agus na mionsonraí ábhartha eile ar fad; agus
 - (iv) na cúiseanna atá leis na hábhair imní a bhfuil aird á tarraingt orthu.
25. Nuair a chuirtear nochtadh cosanta faoi bhráid Rúnaí an Choimisiúin, déantar é a mheas lena dheimhniú go bhfuil sé laistigh de raon feidhme fheidhmeanna an Choimisiúin. Ní féidir leis an gCoimisiún ach imscrúdú a dhéanamh ar nochtadh de réir na reachtaíocht faoi na hAchtanna Eitice. Scrúdóidh an Coimisiún nochtadh cosanta ar an mbealach céanna le gearán caighdeánach agus, dá réir sin, de réir a nósanna imeachta gearán.
26. Is í an phríomhchosaint a sholáthraíonn Acht 2014 nach mór don Choimisiún céimeanna réasúnacha a dhéanamh lena chinntiú nach nochtar céannacht an oibrí. Níl sé seo absalóideach agus tá roinnt imthosca ann ina bhféadfadh sé a bheith riachtanach céannacht an oibrí a nochtadh: mar shampla, má tá sé riachtanach chun imscrúdú a dhéanamh ar an éagóir. Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait faoi na cosaintí atá á soláthar, féach ar Acht 2014.

Conas Gearán a dhéanamh

27. Foráiltear leis na hAchtanna Eitice nach mór go mbeadh gearáin a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn. Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh le gearáin a dhéantar ar an teileafón. Ceanglaítear go gcuirtear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ionas gur féidir gearán a bhreithniú:

- (i) Ainm iomlán, seoladh agus uimhir theagmhála an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige;
- (ii) Ainm an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh faoi/fúithi;
- (iii) A mhéid faisnéise agus is féidir faoi imthosca an ghearáin, lena n-áirítear ainmneacha, dátaí agus áiteanna; agus
- (iv) Aon doiciméid nó ábhar tacaíochta a bhaineann le himthosca an ghearáin.

28. Ba cheart aon ghearán a sheoladh tríd an bpost chuig an seoladh thíos nó trí ríomhphost chuig complaints@sipo.ie.

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

29. Tuigeann an Coimisiún go mbaineann strus le gearán a dhéanamh. Bíonn roinnt gearán casta agus tógann sé roinnt ama an fhaisnéis a theastaíonn chun teacht ar chinneadh a bhailiú. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún an gearánach a choinneáil ar an eolas ag na céimeanna tábhachtacha seo a leanas den phróiseas gearán:

- Tá cinneadh déanta maidir le cibé ar cheart nó nár cheart an gearán a dhúnadh nó Oifigeach Fiosrúchán a cheapadh;
- Tá cinneadh déanta maidir le cibé ar cheart nó nár cheart leanúint le himscrúdú;
- Tá dáta éisteachta imscrúdaithe socraithe;
- Tá tuarascáil imscrúdaithe foilsithe.

30. Sa chás go gcuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin a bhaineann le hobair nó a bhfuil eagraíocht eile freagrach as, tá dualgas ar an gCoimisiún an eagraíocht sin a chur ar an eolas faoi. Mar shampla, má tharraingíonn gearán aird ar imní faoi chosaint leanaí nó duine leochaileach, tá oibleagáid ar an gCoimisiún an t-údarás ábhartha a chur ar an eolas, cosúil leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla. Ar an gcuma chéanna, más léir don Choimisiún go bhfuil cion coiriúil líomhnaithe i gceist, seachas cion de bhun na nAchtanna Eitice, tá dualgas reachtúil air an méid sin a thuairisciú don Gharda Síochána¹.

¹ Féach ar [a.19 An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011](#)

An Próiseas Gearán

31. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt céimeanna i gceist sa phróiseas a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar ghearáin:

- Céim 1 – Tacaíonn an Rúnaíocht leis an gCoimisiún i rith an phróisis gearán. Déanann comhaltaí den Rúnaíocht an measúnú tosaigh ar an ngearán, ar a dtugtar an tAonad Gearán agus Imscrúduithe (**AGI**). Bunóidh an AGI cibé an bhfuil nó nach bhfuil an gearán laistigh de shainordú na reachtaíochta agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na mionsonraí riachtanacha dá dtagraítear dóibh san alt '*Conas Gearán a Dhéanamh*' curtha ar fáil.
- Céim 2 – Réamhfhiosrúchán – Breithneoidh an Coimisiún an gearán agus déanfaidh sé cinneadh maidir le cibé an gá nó nach gá Oifigeach Fiosrúchán a cheapadh chun na fórais ar fad a bhaineann leis an ngearán a scrúdú. Is í an fheidhm atá ag Oifigeach Fiosrúchán cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise *prima facie* ann chun an gearán a chothú.
- Céim 3 – Imscrúdú – Is trí éisteacht imscrúdaithe a dhéantar imscrúdú faoi na hAchtanna Eitice. Ag éisteacht imscrúdaithe, cuirtear an fhianaise ar fad faoin ngearán líomhnaithe faoi bhráid an Choimisiúin.

Céim 1 – Measúnú Tosaigh

32. Soláthróidh AGI admháil maidir le gach gearán a fhaightear gan mhoill, agus cuirfear in iúl don ghearánach go bhfuil ndéanfar a c(h)omhfhreagras a mheas agus go ndéanfar teagmháil leis/léi má theastaíonn tuilleadh faisnéise. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach breis faisnéise nó soiléiriú a lorg maidir leis an ngearán sular féidir an gearán a bhreithniú tuilleadh. Ní thabharfar aon doiciméid a cuireadh ar fáil don Choimisiún ar ais don ghearánach. Cuirfear cóip de na Nósanna Imeachta ar fáil don ghearánach.
33. Déanfaidh AGI a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil an gearán laistigh de shainordú na nAchtanna Eitice agus deimhneoidh sé go n-áirítear sa ghearán na mionsonraí riachtanacha mar atá leagtha amach sa rannóg '*Conas Gearán a Dhéanamh*'.
34. Cuirfear in iúl don fhreagróir (duine sonraithe) go bhfuil gearán faoi/fúithi faighte ag an gCoimisiún. Ní nochtfar sonraí an ghearáin, lena n-áirítear céannacht an ghearánaigh, go dtí go mbeidh an gearán breithnithe ag an gCoimisiún agus go mbeidh cinneadh déanta maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil Oifigeach Fiosrúcháin le ceapadh.
35. Mura mbaineann an gearán le sainordú an Choimisiúin, cuirfear an méid sin in iúl don ghearánach dá réir sin.
36. Cuirfear gach gearán a bhreithnítear atá laistigh den sainordú faoi bhráid an Choimisiúin lena bhreithniú.
37. Pléitear gearáin a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin ag a chruinnithe sceidealaithe. Nuair a bheidh an fhaisnéis atá ar fáil breithnithe, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le cibé ar cheart nó nár cheart leanúint le réamhfhiosrúchán (céim 2), nó in imthosca áirithe leanúint ar aghaidh go díreach chuig éisteacht imscrúdaithe (céim 3). Ní leanfaidh an Coimisiún le himscrúdú (céim 3) mura bhfuil dóthain fianaise ann nó má tá sé den tuairim nach mbaineann dóthain

tromaíochta le hábhar an ghearáin. In imthosca áirithe, féadfaidh an Coimisiún an gearán a tharchur chuig tríú páirtí iomchuí lena bhreithniú.

38. Cuirfear cinneadh an Choimisiúin in iúl don ghearánach agus don fhreagróir mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh.

Céim 2 – Réamhfiosrúchán

39. Is é an cuspóir atá le réamhfiosrúchán fíorais a bhaineann leis an ngearán a bhunú.

40. Féadfaidh an Coimisiún Oifigeach Fiosrúchán a cheapadh chun réamhfiosrúchán a dhéanamh ar ghearán agus chun tuarascáil i scríbhinn a ullmhú maidir le torthaí an fhiosrúcháin. Foráiltear le hAlt 6 de na hAchtanna Eitice go bhfuil cumhachtaí áirithe ag an Oifigeach Fiosrúchán chun críocha fiosrúchán a réachtáil.

41. I rith phróiseas an réamhfiosrúcháin, tarlóidh an méid seo a leanas:

- (i) Cuirfidh an tOifigeach Fiosrúchán cinneadh an Choimisiúin réamhfiosrúchán a réachtáil in iúl don ghearánach agus don fhreagróir. Is é an cuspóir atá le réamhfiosrúchán, ar iarratas ón gCoimisiún, a bhunú cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise *prima facie* ann chun an gearán a chothú.
- (ii) Cuirfidh an tOifigeach Fiosrúchán an méid seo a leanas ar fáil don fhreagróir
 - i cóip den ghearán (ach amháin in imthosca eisceachtúla) agus cóipeanna d'aon ráitis atá curtha ar fáil ag an ngearánach, agus
 - ii cóip den nós imeachta gearán agus an t-údarú sínithe chun Oifigeach Fiosrúchán a cheapadh don ghearán.
- (iii) Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúchán a iarraidh ar an ngearánach ar mian leis/léi ráiteas i scríbhinn a sholáthar, nó ráiteas a dhéanamh ag cruinniú leis an Oifigeach Fiosrúchán, maidir leis an bhfianaise atá ag tacú leis an ngearán. Ní cheanglaítear ar an ngearánach a leithéid a dhéanamh agus cuirfear aon ráiteas dá leithéid ar fáil don fhreagróir agus áireofar é mar chuid de thuarascáil an Oifigigh Fiosrúchán.
- (iv) Chomh maith leis sin, b'fhéidir go n-iarrfadh an tOifigeach Fiosrúchán ar an bhfreagróir, más mian leis/léi, ráiteas i scríbhinn a sholáthar nó freastal ar agallamh maidir leis an ngearán leis an Oifigeach Fiosrúchán. Áireofar aon ráiteas den sórt sin mar chuid de thuarascáil an Oifigigh Fiosrúchán.
- (v) Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúchán a iarraidh ar dhuine éigin eile a bhféadfadh a f(h)ianaise a bheith ábhartha don fhiosrúchán ráiteas i scríbhinn a sholáthar, nó freastal ar agallamh, más mian leis/léi, leis an Oifigeach Fiosrúchán.

42. Nuair a bheidh an réamhfiosrúchán críochnaithe, ullmhóidh an tOifigeach Fiosrúchán tuarascáil bunaithe ar an bhfaisnéis faighte, i dteannta le haon ráitis agus doiciméid ghaolmhara eile. Ní áireofar aon chinntí nó torthaí sa tuarascáil seo, ach áireofar inti, ar iarratas an Choimisiúin, tuairim an Oifigigh Fiosrúchán maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil **fianaise *prima facie*** ann chun an gearán a chothú.

43. Cuirfear tuarascáil an Oifigigh Fiosrúcháin ar fáil don Choimisiún ach ní chuirfear an tuarascáil ar fáil d'aon pháirtí eile ag an gcéim seo. Má leanann an gearán ar aghaidh chuig imscrúdú, cuirfear an tuarascáil ar fáil don fhreagróir.

Breithniú Thuarascáil an Fhiosrúcháin

44. Breithneoidh an Coimisiún tuarascáil an Oifigigh Fiosrúcháin ag cruinniú a reáchtálfar go príobháideach. Ní dhéanann an Coimisiún aon torthaí ag an gcéim seo. Is é an ról atá ag an gCoimisiún a chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil dóthain fianaise ann chun leanúint le himscrúdú.

45. Is féidir leis an gCoimisiún na cinntí seo a leanas a dhéanamh ag an gcéim seo:

- (i) Imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán sa chás go mbreithníonn sé go bhfuil dóthain fianaise ann chun *cás prima facie* a bhunú i ndáil leis an ngearán agus go bhfuil sé oiriúnach sna himthosca a leithéid sin a dhéanamh;
- (ii) An gearán a dhíbhe sa chás nach mbaineann dóthain tromaíochta le hábhar an ghearáin chun imscrúdú a dhéanamh;
- (iii) An gearán a dhíbhe sa chás gurb é an tuairim atá ann go bhfuil an gearán suaibhreasach nó cráiteach;
- (iv) An gearán a tharchur chuig tríú páirtí iomchuí sa chás nach mbaineann dóthain tromaíochta le hábhar an ghearáin chun imscrúdú a dhéanamh; nó
- (v) An gearán a tharchur chuig tríú páirtí iomchuí sa chás nach mbaineann ábhar an ghearáin le sainordú an Choimisiúin.

46. Déanfar cinneadh an Choimisiúin, agus na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh, a thaifead agus cuirfear an gearánach agus an freagróir ar an eolas dá réir sin.

Gearáin Féintionscanta

47. In imthosca áirithe, is féidir leis an gCoimisiún, ar a thionscnamh féin, cinneadh a dhéanamh imscrúdú a dhéanamh ar Dhuine Sonraithe sa chás go bhfuil sé den tuairim gur sháraigh an duine a c(h)uid oibleagáidí faoi na hAchtanna Eitice. Nuair a bheidh a leithéid de chinneadh á dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fad atá ar fáil san áireamh.

Céim 3 – Imscrúdú

Céim Réamhéisteachta

48. Roimh éisteacht an imscrúdaithe, d'fhéadfaí roinnt céimeanna a chur i gcrích chun ullmhú le haghaidh éisteacht imscrúdaithe.
- a) Ullmhóidh an Aonad Seirbhísí Díl Ráiteas maidir leis an Sárú a Líomhnaítear. Is doiciméad é seo ina leagtar amach na líomhaintí atá á ndéanamh in aghaidh an fhreagróra. Seolfar é seo chuig an bhfreagróir roimh an éisteacht ionas go mbeidh sé/sí ar an eolas faoi na líomhaintí atá á ndéanamh.
 - b) Déanfar tuilleadh scrúdaithe ar an ngearán agus tiomsófar na doiciméid ábhartha. D'fhéadfaí na doiciméid seo a lorg trí ordachán, eisithe ag Cathaoirleach an Choimisiúin, a cheanglaíonn go foirmiúil ar dhuine na doiciméid a sholáthar don Choimisiún laistigh d'amfráma sonraithe. Ordachán i scríbhinn a thugtar air seo d'aon duine chun follasú i mionn a dhéanamh maidir le haon doiciméid atá nó a bhí i seilbh nó arna rialú ag an duine. Mura gcomhlíontar leis an ordachán, is féidir leis an Ard-Chúirt é a fhorfheidhmiú.
 - c) D'fhéadfadh an Rúnaíocht a bhreithniú gur cuí finnéithe a chur faoi agallamh agus ráitis ó fhinné a ghlacadh. Leagtar amach sa ráiteas finné nádúr na fianaise a thabharfaidh an finné ag éisteacht an imscrúdaithe. Cuirfear na ráitis finné ar fad ar fáil don fhreagróir roimh éisteacht an imscrúdaithe.
 - d) D'fhéadfaí a iarraidh ar fhinné freastal ar éisteacht an imscrúdaithe agus fianaise a thabhairt. Más gá, d'fhéadfadh Cathaoirleach an Choimisiúin a ordú d'fhinné fianaise a thabhairt ag an éisteacht.
 - e) Cuirfidh an Rúnaíocht eolas ar fáil don fhreagróir agus páirtithe / finnéithe ábhartha maidir le dáta, am agus ionad éisteacht an imscrúdaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar pháirtithe freastal ar an éisteacht trí ordú ó Chathaoirleach an Choimisiúin, más gá.
 - f) Féadfaidh an Coimisiún éisteacht a thionól chun aon réamhiarratais a bhreithniú. D'fhéadfaí go n-áireofaí i réamhiarratas iarratas gur go príobháideach a éistear an cás. Ní mór don fhreagróir réamhfhógra a thabhairt i scríbhinn maidir le haon iarratas atá beartaithe aige/aici a dhéanamh. Cuirfear tras-scríbhinn de réamhiarratas na héisteachta ar fáil don fhreagróir.
 - g) Foilseoidh an Coimisiún mionsonraí éisteacht an imscrúdaithe ar a shuíomh gréasáin sula dtionólfar é.

Éisteacht an Imscrúdaithe

49. Go ginearálta, is go poiblí a reáchtáiltear éisteachtaí imscrúdaithe agus aon iarratais a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin. I ndiaidh réamhiarratais agus in imthosca eisceachtúla amháin, tá sé de dhiscréid ag an gCoimisiún a ordú gur go príobháideach a éistfeadh cás. Ní dhéanfaidh duine a fhreastalaíonn ar éisteacht phríobháideach den Choimisiún faisnéis a fhaightear i rith na héisteachta a nochtadh. Is cion é nochtadh den sórt sin, nó d'aon chineál faisnéise a fhaightear i rith an réamhfhiosrúcháin nó imscrúdaithe, faoi na hAchtanna Eitice.

Cé a fhreastalaíonn ar Éisteacht an Imscrúdaithe?

- (i) An Coimisiún (an seisear comhaltaí);

- (ii) An freagróir agus a (h)ionadaithe dlíthiúla (má thugtar ordú d'ionadaithe dlíthiúla);
- (iii) Ionadaithe dlíthiúla an Choimisiúin;
- (iv) Foireann agus comhairleoirí an Choimisiúin;
- (v) Finnéithe;
- (vi) Luathscríbhneoir;
- (vii) An pobal; agus
- (viii) Baill den phreas agus de na meáin

Céard a tharlaíonn ag an Éisteacht Imscrúdaithe?

50. D'fhéadfadh na páirtithe i láthair réamhiarratais a dhéanamh ag tús éisteacht an imscrúdaithe, a éileoidh cinneadh ón gCoimisiún. Chomh maith leis sin, déileálfaidh an Cathaoirleach le haon nithe a bhaineann le nós imeachta ag tús éisteacht an imscrúdaithe.
51. Ag tús na héisteachta, cuirfidh ionadaithe dlíthiúla an Choimisiúin an cás i láthair agus leagfar amach an Ráiteas maidir leis an Sárú a Líomhnaítear atá déanta in aghaidh an fhreagróra.
52. Ansin rachaidh ionadaithe dlíthiúla an Choimisiúin tríd an bhfianaise a bhaineann leis an Ráiteas maidir leis an Sárú a Líomhnaítear. Glaofar ar fhinnéithe ábhartha chun fianaise a thabhairt. Is féidir leis an bhfreagróir nó lena (h)ionadaithe dlíthiúla finnéithe a nglaoonn an Coimisiún orthu a chroscheistiú.
53. Ansin tugtar deis don fhreagróir nó dá (h)ionadaithe dlíthiúla a bhfianaise/a f(h)ianaise a chur i láthair agus glaoch ar a bhfinnéithe féin. D'fhéadfadh ionadaithe dlíthiúla an Choimisiúin aon fhinnéithe a nglaoitear orthu a chroscheistiú. Féadfaidh an freagróir fianaise a thabhairt más mian leis/léi, ach níl sé/sí faoi oibleagáid déanamh amhlaidh. Tugtar fianaise faoi mhionn nó faoi dhearbhnascadh.
54. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisiún na finnéithe a cheistiú nó soiléiriú a lorg maidir le haon ní a thagann chun cinn i rith éisteacht an imscrúdaithe.
55. D'fhéadfaí glacadh le ráitis i scríbhinn agus le taifid eile mar fhianaise gan cruthúnas breise sa chás go gcomhaontaíonn gach páirtí lena leithéid.
56. Taifeadann luathscríbhneoir éisteachtaí imscrúdaithe agus ullmhaítear tras-scríbhinní mar thaifead foirmiúil ar na himeachtaí.
57. Go ginearálta, féadfaidh éisteacht imscrúdaithe leanúint ar aghaidh ar feadh lá nó dhó, ach d'fhéadfadh éisteachtaí eile leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide ag brath ar chastacht an ghearáin.

Ról an fhinné

58. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar fhinné fianaise a thabhairt faoi mhionn nó faoi dhearbhnascadh.
59. Ceanglaítear ar fhinnéithe comhoibriú leis na himeachtaí. Beidh duine nach gcomhoibríonn ciontach i gcion – féach leathanach 17 le haghaidh tuilleadh eolais.

60. D'fhéadfadh go mbeadh finné a fhreastalaíonn ar éisteacht imscrúdaithe i dteideal cibé caiteachas réasúnach agus deimhnithe atá le cinneadh ag an gCoimisiún. Tá treoirlínte eisithe ag an gCoimisiún maidir le costais finnéithe, agus tá cóip le fáil in Aguisín 3.
61. Go ginearálta, tá finné a thugann fianaise ag éisteacht i dteideal na bpríbhleáidí agus na ndíolúintí céanna is atá finné san Ard-Chúirt.

Scor nó Iarchur Imscrúdaithe

62. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh, am ar bith, imscrúdú a scor le haghaidh cúiseanna éagsúla, lena n-áirítear sa chás go bhfuil sé den tuairim go bhfuil an gearán i gceist suaibhreasach nó cráiteach. I cibé imthosca, déanfaidh an Coimisiún cur síos ar chúiseanna lena chinneadh i scríbhinn agus cuirfidh sé an cinneadh seo in iúl don ghearánach agus don fhreagróir.
63. In imthosca áirithe, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh imeachtaí a chur ar atráth nó a iarchur a bhaineann le himscrúdú lena n-áirítear sa chás go bhfuil imeachtaí coiriúla i ndáil leis an ngearán tionscanta nó ar siúl go leanúnach. Déanfaidh an Coimisiún a chinneadh réasúnta i ndáil le hatráth nó le hiarchur a thaifeadh i scríbhinn.

Tuarascáil Imscrúdaithe

64. I ndiaidh Éisteacht Imscrúdaithe, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil scríofa a ullmhú ina leagtar amach torthaí an Choimisiúin i dteannta lena chinntí maidir le:

- (i) cibé an bhfuil nó nach bhfuil **Sárú** i gceist, mar atá liostaithe sa Ráiteas maidir leis an Sárú, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil Sárú ag leanúint ar aghaidh; agus sa chás go raibh sárú i gceist:
 - (i) más é an cinneadh go bhfuil an Sárú ag leanúint ar aghaidh, na céimeanna atá riachtanach chun comhlíonadh an chinntiú, agus an tréimhse ama inar cheart a leithéid sin de chéimeanna a dhéanamh;
 - (ii) cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh an Sárú gan chuimhneamh, go failíoch, go meargánta nó d'aon turas;
 - (iii) cibé an raibh nó nach raibh an Sárú, sna himthosca ar fad, tromchúiseach nó an ní beag a bhí ann; agus
 - (iv) cibé ar ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh an duine atá faoi imscrúdú de mheon macánta agus gur chreid sé/sí go raibh an gníomh a rinne sé/sí de réir na dtreoirínte foilsithe nó na comhairle a thug Coiste i scríbhinn faoi alt 12 nó a thug an Coimisiún faoi alt 25 de na hAchtanna Eitice.
- (ii) Sa chás nach bhfuil aon fhianaise, nó fianaise nach bhfuil leordhóthanach, maidir le Sárú, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an Coimisiún den tuairim go raibh an gearán a rinneadh suaibhreasach nó cráiteach nó sa chás nach raibh aon fhorais réasúnta lena aghaidh.

65. Ní mór go mbeadh an Coimisiún sásta chuig an gcaighdeán sibhialta cruthúnais (sásta gur dóichí gur fíor é) go ndearnadh sárú atá liostaithe sa Ráiteas maidir leis an Sárú.

66. Tugtar tuarascáil an Choimisiúin:

- don fhreagróir;
- don ghearánach;
- do Chathaoirleach agus do Phríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil (sa chás go mbaineann gearán le comhalta agus/nó fostaí de chuid údaráis áitiúil). Ansin, déanann an t-údarás áitiúil é seo a bhreithniú. Féadfaidh an t-údarás áitiúil gníomh a dhéanamh a mheasann sé atá cuí lena n-áirítear, i gcás Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, d'fhéadfaí go n-áireofaí anseo fionraí nó baint ón údarás áitiúil; agus
- an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

67. Faoi na hAchtanna Eitice, cuirfidh an Coimisiún a thuarascáil ar fáil don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa chás go bhfuil sé den tuairim go bhféadfadh cion a bheith déanta ag an duine ar ábhar imscrúdaithe é/í a bhaineann le feidhmíocht a f(h)eidhmeanna.

68. Foilsítear an tuarascáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin freisin.

Costais

69. D'fhéadfadh an Coimisiún cinneadh ordú i leith costas a dhéanamh. Is féidir leis an gCoimisiún ordú i leith costas a dhéanamh freisin i ndiaidh iarratais a fháil ó duine a bheidh i láthair ag éisteacht an imscrúdaithe. Is féidir leis an gCoimisiún a ordú go ndéanfaidh duine ar leith costais éisteachta an imscrúdaithe, ina n-iomláine nó i bpáirt, a íoc le duine nó le haonán ar leith, an tAire Airgeadais san áireamh. Nuair a bhíonn ordú i leith costas á dhéanamh, breithneoidh an Coimisiún torthaí éisteacht an imscrúdaithe agus gach ní ábhartha eile lena n-áirítear teip comhoibriú leis an gCoimisiún, nó cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Chomh maith leis sin, breithneoidh an Coimisiún cibé ar cuireadh nó nár cuireadh faisnéis atá bréagach nó míthreorach ar fáil don Choimisiún. Tríd is tríd, ní mór go mbeadh an Coimisiún sásta go bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ann ionas go mbeidh sé cothrom an t-ordú i leith costas a eisiúint.

Cionta faoi na hAchtanna Eitice

70. Tá roinnt cionta ann a bhaineann le himeachtaí éisteacht imscrúdaithe:

- a. teip comhoibriú leis an gCoimisiún. D'fhéadfaí go n-áireofaí anseo diúltú teacht os comhair an Choimisiúin, dul faoi mhionn nó dearbhnascadh, diúltú nó teip aon mhír a iarrann an Coimisiún a tháirgeadh nó a sheoladh, nó aon ghníomh nó neamhghníomh eile a nglacfaí leis mar dhíspeagadh i gcúirt;
- b. cion mionn éithigh, i.e. fianaise bhréagach a thabhairt don Choimisiún ina leithéid d'imthosca, dá mbeadh fianaise tugtha ag an duine os comhair cúirte, go mbeadh sé/sí ciontach i mionnú éithigh;
- c. nochtadh faisnéise faighte faoi na hAchtanna Eitice nó trí bheith i láthair ag suí den Choimisiún a reáchtáladh go príobháideach;
- d. treampán nó bac a chur ar obair an Choimisiúin, nó obair comhalta foirne nó Oifigeach Fiosrúchán.

71. Dlífear fíneáil de suas le €1,250 agus/nó téarma príosúnachta suas le 6 mhí agus, ar chiontú ar díotáil, fíneáil suas le €25,000 agus / nó téarma príosúnachta suas le 3 bliana, ar aon duine atá ciontach i gcion, ar chiontú achomair.

Faisnéis eile Ba Cheart a bheith ar Eolas Agat

Céard a tharlaíonn má aistarraingíonn mé mo ghearán?

72. Féadfaidh tú iarratas, i scríbhinn, a chur chuig an gCoimisiún ag iarraidh go ndéanfaí do ghearán a aistarraingt. Breithneoidh an Coimisiún d'iarratas. Má tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil dóthain tromaíochta agus tábhachta poiblí ag baint leis an ngearán, d'fhéadfadh sé cead a thabhairt duit an gearán a aistarraingt ach d'fhéadfadh sé cinneadh a dhéanamh tús a chur le 'imscrúdú féintionscanta' maidir leis an ní (féach ar an rannóg dar teideal '*Gearáin Féintionscanta*').

An féidir liom an cinneadh a achomharc chuig an gCoimisiún i ndiaidh éisteacht Imscrúdaithe?

73. Ní fhoráiltear leis na hAchtanna Eitice le haghaidh achomhairc chuig na cúirteanna i ndáil le cinneadh an Choimisiúin i ndiaidh éisteacht imscrúdaithe. Níl aon sásra achomhairc ann ag aon chéim i rith an phróisis gearán.

An féidir liom teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun comhairle a fháil?

74. Má tá tús curtha leis an bpróiseas gearán i ndáil le gearán, ní féidir leis an gCoimisiún comhairle a chur ar an ngearánach, freagróir nó aon pháirtí eile lena mbaineann. Tá Rúnaíocht an Choimisiúin sásta cabhrú le haon pháirtí i ngearán le haon cheist más féidir.

An dteastaíonn Aturnae?

- i. más mian liom gearán a dhéanamh, nó,
- ii. más ábhar imscrúdaithe mé?

75. i. Ní theastaíonn aturnae chun gearán a dhéanamh.

- ii. In imthosca inarb tusa ábhar an imscrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún, tá tú i dteideal, más mian leat, go ndéanfar ionadaíocht dhlíthiúil ort ag an éisteacht.

AGUISÍN 1 - GLUAIS

Údarás Iomchuí

De réir mar a fhoráiltear le hAlt 2(1) d’Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956, arna leasú le [hAlt 6 d’Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse \(Leasú\) 2005](#):

Alt 2(1):

- (a) maidir le stát-seirbhíseach-
 - i. a shealbhóidh post ar cheap an Rialtas an stát-seirbhíseach sin ann, nó
 - ii. a bheidh ceaptha mar Choimisinéir na gCoimisinéirí Ioncaim de bhun Airteagal 7 d’Ordú na gCoimisinéirí Ioncaim 1923, an Rialtas,
- b) atá ceaptha ag grád Príomhoifigigh nó a chomhionann nó ag grád níos sinsearaí nach mbaineann mír (a) leis, bheadh an tAire Rialtais a bhfuil an chumhacht aige/aici chun comharba don státseirbhíseach sin a cheapadh infheidhmithe de thuras na huaire,
- c) faoi ghrád nó céim an Phríomhoifigigh nó ag grád comhionann, Ard-Rúnaí na Roinne nó Ceann na hOifige Sceidealaithe ina bhfuil an státseirbhíseach ag feidhmiú,
- d) a shealbhóidh ceapachán Oifig Phríobháideach Aireachta agus a sholáthraíonn seirbhís d’Aire den Rialtas, an tAire den Rialtas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó/di, agus
- e) a shealbhóidh ceapachán Oifig Phríobháideach Aireachta agus a sholáthraíonn seirbhís d’Aire Stáit, an tAire Stáit a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar/di.

Alt 2(2) San Acht seo ciallaíonn ‘údarás iomchuí’, d’ainneoin fho-alt (1) –

- a) arb é/í Ard-Rúnaí Oifig Thithe an Oireachtais nó Leas-Chléireach Dháil Éireann, maidir le nithe a bhaineann go díreach le gnó Dháil Éireann, Cathaoirleach Dháil Éireann, ar gach slí eile, Coimisiún Thithe an Oireachtais,
- b) arb é/í Cléireach nó Leas-Chléireach Sheanad Éireann, maidir le nithe a bhaineann go díreach le gnó Sheanad Éireann, Cathaoirleach Sheanad Éireann, ar gach slí eile, Tithe Choimisiún an Oireachtais,
- c) arb é/í Ceannfort, Tithe an Oireachtais nó Captaen an Gharda, Tithe an Oireachtais—
 - (i) i ndáil le nithe a bhaineann go díreach le gnó Dháil Éireann, Cathaoirleach Dháil Éireann,
 - (ii) i ndáil le nithe a bhaineann go díreach le gnó Sheanad Éireann, Cathaoirleach Sheanad Éireann,
 - (iii) ar gach slí eile, Tithe Choimisiún an Oireachtais,
- d) i ndáil le comhalta foirne de Thithe Choimisiún an Oireachtais atá ag grád Príomhoifigigh nó a chomhionann nó ag grád níos sinsearaí, Choimisiún Thithe an Oireachtais,
- e) i ndáil le comhalta foirne de Thithe Choimisiún an Oireachtais atá faoi ghrád nó faoi chéim Príomhoifigigh nó a chomhionann nó ag grád níos sinsearaí, Tithe an Oireachtais
- f) i ndáil le státseirbhíseach atá ag grád Príomhoifigigh nó a chomhionann nó ag grád níos sinsearaí nach mbaineann feidhm le fo-alt (1)(a)(i) ina leith, atá ag obair in Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, an Taoisigh, agus
- g) i ndáil le státseirbhíseach atá faoi ghrád nó faoi chéim Príomhoifigigh nó grád comhionann, atá ag obair in Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, Ard-Rúnaí an Uachtaráin.

Duine Bainteach

- (i) duine a bhfuil baint aige/aici le duine aonair má tá an duine sin gaolta leis an duine aonair,
- (ii) tá baint ag duine, ina cháil nó ina cáil mar iontaobhaí iontaobhais, le pearsa aonair más tairbhí de chuid an iontaobhais an phearsa aonair sin, nó aon leanbh de chuid na pearsan aonair sin, nó aon chomhlacht corpraithe a bhfuil rialú ag an bpearsa aonair sin air,
- (iii) tá baint ag duine le haon duine a bhfuil an duine sin i gcomhpháirtíocht leis nó léi,
- (iv) tá baint ag comhlacht corpraithe le duine eile má tá rialú ag an duine sin air nó má tá rialú air ag an duine sin agus ag daoine a bhfuil baint acu leis an duine sin le chéile,
- (v) aon bheirt nó níos mó daoine a ghníomhaíonn le chéile chun rialú ar chuideachta a áirithiú nó a fheidhmiú, déileálfar leo, i ndáil leis an gcuideachta sin, mar dhaoine a bhfuil baint acu lena chéile agus le haon duine a ghníomhaíonn ar ordacháin ó aon duine acu chun rialú ar an gcuideachta a áirithiú nó a fheidhmiú.

Sárú

Teip dlí nó riail a chomhlíonadh.

Post Ainmnithe

I ndáil le comhlacht poiblí, ciallaíonn sé post *forordaithe** fostaíochta sa chomhlacht sin (déantar cur síos ar chomhlachtaí poiblí chun críocha na nAchtanna Eitice thíos faoin nGluais seo). ciallaíonn **forordaithe* leagtha síos ag rialacháin atá déanta ag an Aire Airgeadais

Stiúrthóireacht Ainmnithe

I ndáil le comhlacht poiblí, ciallaíonn stiúrthóireacht *forordaithe** stiúrthóireacht an chomhlachta sin.

Tá **Acht Toghcháin 1997, mar atá leasaithe** - le fáil ag an [nasc](#) seo. Is acht é chun coimisiún um thoghlaigh a bhunú, foráil a dhéanamh le haghaidh íocaíochtaí chuig páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí, foráil a dhéanamh i dtaobh síntiúis a nochtadh agus chun críoch polaitíochta, chun caiteachais tráth toghcháin ag páirtithe polaitíochta agus ag iarrthóirí a rialáil, chun socruithe vótála a sholáthar le haghaidh daoine áirithe nach bhfuil in ann vóta a chaitheamh ag stáisiúin vótaíochta agus chun foráil a dhéanamh le haghaidh nithe toghcháin eile.

An Cláráitheoir Eitice

Duine nó daoine atá sannta le hordú ón mbainisteoir le haghaidh údaráis áitiúil chun dualgais cláráitheora eitice a fheidhmiú de réir alt 174 de ARA i ndáil le cibé údarás nó údaráis a bheidh sonraithe. Tá tuilleadh eolais maidir le dualgais an Chláráitheora Eitice le fáil ag [alt 174 de ARA](#).

Oifigeach Fiosrúchán

Is é ról an Oifigh Fiosrúchán, ar ordachán ón gCoimisiún, réamhfiosrúchán a dhéanamh faoi Alt 6(2) de na hAchtanna Eitice faoi ghearán a rinneadh leis an gCoimisiún. Ansin, ní mór don Oifigeach Fiosrúchán tuarascáil a ullmhú i scríbhinn maidir le torthaí an fhiosrúcháin sin agus an tuarascáil sin agus aon ráitis nó doiciméid ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Má ordáíonn an Coimisiún,

féadfaidh an Fiosrúchán tuairim a sholáthar freisin maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise *prima facie* ann chun an gearán a chothú.

Ciallaíonn Sealbhóir Oifige –

- a) Duine ar Aire den Rialtas nó Aire Stáit é/í
- b) Duine atá i seilbh oifige an Ard-Aighne
- c) Duine ar Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann nó Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Sheanad Éireann é/í; agus
- d) Duine atá i seilbh –
 - a. Oifige cathaoirligh coiste de cheachtar Teach, oifige atá ainmnithe don am i láthair trí rún de chuid an Tí sin, nó
 - b. Oifige cathaoirligh comhchoiste den dá Theach, oifige atá ainmnithe don am i láthair trí rún de chuid gach Tí.

Ciallaíonn **Fianaise *Prima Facie*** go bhfuil fianaise leormhaith ann chun bunfhórais gearáin a bhunú ach gur féidir é seo a shéanadh.

Is éard atá i gceist le **Comhlacht Poiblí** liosta de chomhlachtaí poiblí atá leagtha amach sa [Chéad Sceideal de na hAchtanna Eitice](#) agus in aon Rialacháin arna ndéanamh faoi freisin.

Tá **Tábhacht Shuntasach Phoiblí** á léirmhíniú faoi na hAchtanna Eitice mar:

Gan dochar do ghinearáltacht a bhrí laistigh d'Alt 4(1) de na hAchtanna Eitice, measfar go mbaineann, más rud é go mbreithníonn an Coimisiún é a bheith cuí, ag féachaint do na himthosca ar fad, tábhacht shuntasach poiblí a bheith leis má bhaineann sé le sochar a líomhnaítear a fuair Duine Sonraithe nó duine, i ndáil le Duine Sonraithe, arb ionann é/í agus duine bainteach agus, i dtuairim an Choimisiúin, má bhí, má tá nó dá bhféadfadh nó dá bhféadfaí a bheith ag súil leis nach raibh nó mura mbeidh an sochar níos lú ná €12,500.

Ciallaíonn **Comhairleoir Speisialta** duine;

- (a) atá i seilbh nó a bhí i seilbh poist faoi alt 7(1)(e) d'Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) a bhaineann le, i ndiaidh a bheith roghnaithe lena c(h)eapadh sa phost sin ag sealbhóir oifige go pearsanta seachas trí nós imeachta iomaíoch, nó
- (b) atá nó a bhí fostaithe faoi chonradh le haghaidh seirbhísí ag sealbhóir oifige, i ndiaidh a bheith roghnaithe chun an conradh a bhronnadh air/uirthi ag sealbhóir oifige go pearsanta seachas trí nós imeachta iomaíoch,

arb é an fheidhm nó an phríomhfheidhm atá nó a bhí aige/aici mar an duine sin comhairle nó cúnamh eile a sholáthar do nó le haghaidh an tsealbhóra oifige.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 – An Dara Sceideal

Leasanna Inchláraithe

1. Is leas incláraithe é gach ceann de na leasanna seo a leanas chun críocha an Achta seo:

(1) trádáil, gairm, fostaíocht, gairm bheatha nó slí bheatha eile de chuid an duine lena mbaineann a dtugtar luach saothair ina leith (seachas slí bheatha mar shealbhóir oifige nó mar chomhalta nó slí bheatha lena mbaineann Cuid IV) aon tráth le linn na tréimhse cuí, i ndáil leis an duine sin, a shonraítear in alt 5 (1) nó 20, ar mó ná £2,000 an luach saothair uaithe don duine lena mbaineann,

(2) sealbhán scaireanna i gcuideachta áirithe nó i bhfiontar nó i ngnóthas eile nó sealbhán bannaí nó bintiúr dá cuid nó dá chuid nó sealbhán infheistíochtaí eile dá samhail sa chuideachta, sa fhiontar nó sa ghnóthas, más rud é gur mhó ná £10,000 luach comhiomlán an tsealbháin aon tráth le linn na tréimhse cuí a dúradh,

(3) stiúrthóireacht nó stiúrthóireacht fholaitheach aon chuideachta a shealbhaigh an duine lena mbaineann aon tráth le linn na tréimhse cuí a dúradh,

(4) aon leas de chuid an duine lena mbaineann i dtalamh, ar leas é ar mhó a luach ná £10,000 aon tráth le linn na tréimhse cuí a dúradh, lena n-áirítear—

(a) leas an duine in aon chonradh a bheidh déanta aige nó aici chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil éarlais nó páirt-íocaíocht íoctha faoin gconradh, agus

(b) leas an duine—

(i) in aon rogha atá aige nó aici chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil aon chomaoin íoctha ina leith sin, nó

(ii) i dtalamh a mbeidh rogha den sórt sin feidhmithe ag an duine ina leith ach nach bhfuil tíolactha chuig an duine fós,

ach gan aon leas i dtalamh a áireamh arb éard é aon teach príobháideach de chuid an duine nó a chéile nó a céile, is é sin le rá, foirgneamh nó aon chuid d'fhoirgneamh atá ar áitiú ag an duine nó ag a chéile nó a céile nó ag leanbh de chuid an duine nó de chuid an chéile mar theaghais ar leithligh agus aon ghairdín nó talamh eile a áitítear de ghnáth leis an teaghais, is talamh atá foghabhálach nó coimhdeach maidir léi agus is gá dá taitneamhacht nó dá saoráideacht agus nach bhfuil á úsáid nó á fhorbairt go príomha chun críocha tráchtála,

(5) (a) bronntanas arna thabhairt don duine le linn na tréimhse cuí a dúradh ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(i) bronntanas arna thabhairt don duine ag gaol nó cara de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile nó leanbh de chuid an duine nó de chuid a chéile nó a céile ar chúiseanna pearsanta amháin, mura rud é go bhféadfadh glacadh an bhronntanais tionchar ábhartha a bheith aige air nó uirthi i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar Ard-Aighne, mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, mar dhuine a raibh post ainmnithe aige nó aici nó mar chomhairleoir speisialta, agus

(ii) bronntanas arna thabhairt don duine, nó bronntanais arna dtabhairt don duine ag an duine céanna, le linn na tréimhse a dúradh, nár mhó ná £500 luach, nó luach comhiomlán, na maoine is ábhar don bhronntanas nó do na bronntanais aon tráth le linn na tréimhse a dúradh,

(b) (i) maoín arna soláthar nó arna thabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a dúradh, ar chomaoin nó ar chomaoineacha nó ar phraghas nó ar phraghsanna is lú de bhreis agus £500 ná an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála, agus

- (ii) maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a dúradh, saor in aisce, más rud é gur mó ná £500 an chomaoin thráchtála nó na comaoineacha tráchtála nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála,
- seachas maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar do dhuine ag gaol nó cara de chuid an duine nó a chéile nó a céile nó de chuid linbh de chuid an duine nó a chéile nó a céile i gcás gur de chineál bronntanais don duine agus gur ar chúiseanna pearsanta amháin an soláthar sin nó an iasacht sin mura rud é, maidir le glacadh na maoin nó na hiasachta nó na seirbhíse ag an duine, go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige air nó uirthi le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar Ard-Aighne, mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, mar dhuine a raibh post ainmnithe aige nó aici, nó mar chomhairleoir speisialta,
- (6) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar le linn na tréimhse chuí a dúradh don duine lena mbaineann saor in aisce nó ar phraghas a bhí níos lú ná an praghas nó na praghsanna tráchtála, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—
- (a) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar—
- (i) laistigh den Stát, nó
- (ii) i gcúrsa agus chun críocha na nithe seo a leanas—
- (I) comhlíonadh fheidhmeanna an duine mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, mar dhuine a raibh post ainmnithe aige nó aici nó mar chomhairleoir speisialta, nó
- (II) trádáil, gairm, fostaíocht, gairm bheatha nó slí bheatha eile de chuid an duine (seachas slí bheatha a shonraítear i bhfochlásal (I)),
- nó
- (iii) i gcás comhalta, ag an Aontas Idir-Pharlaiminteach (nó ag cibé comhlachtaí eile dá samhail (más ann) a shonróidh an Coiste i dtreoirínte arna bhfoilsíú aige faoi alt 12) nó ag aon eagraíocht stát nó rialtas ar comhalta di an Stát nó an Rialtas nó ag comhlacht de chuid aon chomhlachta nó eagraíochta den sórt sin nó ag comhlacht atá i gcomhlachas leis nó léi,
- (b) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine ag gaol nó cara de chuid an duine nó a chéile nó a céile nó de chuid linbh de chuid an duine nó a chéile nó a céile i gcás gur de chineál bronntanais an soláthar sin a tugadh don duine agus gur ar chúiseanna pearsanta amháin an soláthar sin, mura rud é go bhféadfaí a mheas le réasún maidir leis an duine do ghlacadh na saoráidí, na cóiríochta, na mbéilí nó na siamsaíochta sin, go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige air nó uirthi le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar Ard-Aighne, mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, mar dhuine a raibh post ainmnithe aige nó aici nó mar chomhairleoir speisialta,
- (c) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a dúradh, saor in aisce más rud é nár mhó ná £500 praghas tráchtála nó comhiomlán praghsanna tráchtála na saoráidí, na cóiríochta, na mbéilí nó na siamsaíochta, nó
- (d) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a dúradh, ar phraghas nó ar phraghsanna is lú de £500 ar a mhéid ná an praghas nó na praghsanna tráchtála,

- (7) post lena ngabhann luach saothair a bheidh i seilbh an duine lena mbaineann mar bhrústocaire polaitiúil nó cúrsaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir le linn na tréimhse cuí a dúradh,
- (8) aon chonradh ar pháirtí ann an duine lena mbaineann nó ina raibh leas aige nó aici in aon slí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, i dtaca le hearraí nó seirbhísí a sholáthar d’Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse cuí a dúradh dá mba mhó ná £5,000 luach na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar le linn na tréimhse a dúradh nó, i gcás inar soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin a dúradh d’Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse a dúradh, dá mba mhó ná £5,000 comhiomlán a luacha agus an luacha a dúradh.
2. (1) I mír 1 (2), ní fholaíonn “sealbhán” airgead i gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó i gcuntas eile dá shamhail le foras airgeadais.
- (2) I mír 1 (3), ciallaíonn “stiúrtóireacht fholaitheach” an post a bheidh á shealbhú ag duine is stiúrtóir folaitheach de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, nó i gcás comhlachta poiblí nach cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963) agus a shonraítear i bhfómhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó a bheidh forordaithe chun críocha fhomhír (13) de mhír 1 den Chéad Sceideal, an post a bheidh á shealbhú ag duine ar gnách le comhaltaí an chomhlachta nó le comhaltaí an bhoird nó an chomhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann an comhlacht sin gníomhú de réir treoracha nó ordachán uaidh nó uaithi

AGUISÍN 3 – TREOIRLÍNTE MAIDIR LE COSTAIS FINNÉITHE

Foráiltear le hAlt 9 de na hAchtanna Eitice le haghaidh íocaíocht na gcostas go léir nó cuid de na costais tabhaithe ag duine a thagann os comhair an Choimisiúin chun críocha éisteacht imscrúdaithe. Go ginearálta, táthar ag súil go mbeadh sé seo i gceist i gcás aon fhinnéithe a nglaoonn an Coimisiún orthu chun fianaise a thabhairt i rith na héisteachta, a reáchtáiltear ina oifigí de ghnáth.

Breithneoidh an Coimisiún aisíocaíocht costas as póca tabhaithe ag aon ghnáthfhinné mar thoradh ar fhianaise a thabhairt. Ní mór gur costais réasúnacha agus deimhnithe iad na costais seo agus d'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc;

- Costais taistil chuig / ón ionad éisteachta*
- Costais chothaithe – cóiríocht thar oíche agus béilí
- Carrchlós

Tabhair faoi deara, nach n-íocfar éilimh nach bhfuil dearbháin ag tacú leo.

Má shíleann finn é go bhféadfadh sé/sí a bheith i dteideal aon chostas, seachas gnáthchostais taistil agus chothaithe, ní mór dó/di iad seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhfaomhadh roimh an éisteacht. Breithneoidh an Coimisiún aon iarratas ar íocaíocht a leithéid sin de chostais ar bhonn eisceachtúil.

Coimeádann an Coimisiún an ceart diúltú aon chostais nach bhfuil deimhnithe i gceart a aisíoc, agus, ina thuairim, nach bhfuil réasúnach nó nár tabhaíodh go díreach mar thoradh ar fheidhmiú mar fhinné.

*Ní íocfar míleáiste le haghaidh carr príobháideach ach sa chás nach bhfuil aon iompar poiblí oiriúnach ar fáil. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh iompar poiblí a úsáid más féidir. Má tá carr príobháideach in úsáid, ní mór don éilitheoir an chúis nach bhféadfaí iompar poiblí a úsáid a mhíniú.